ESB NETWORKS

# Bileog Ghníomhaíochta Shinsearach 2




**Ainm:** ..................................................................................... **Dáta:** ..................................................

## Sábháilteacht Leictreach

### Tráth na gCeist maidir le Sábháilteacht

An bhfuil ardchur amach agat ar chúrsaí sábháilteachta leictrí? Tá sé in am anois do chuid eolais a thástáil sa Tráth na gCeist seo maidir leis an leictreachas. Cabhair uait? Tá eolas sábháilteachta maidir le guaiseacha leictreacha, 6 leid sábháilteachta iontach tábhachtach agus físeáin sábháilteachta YouTube ar fáil ó ESB Networks ar **www.esbnetworks.ie/education**

1. **Iompraíonn cuaillí adhmaid sreanga leictreachais, a bhíonn beo i gcónaí.**
   **Fíor nó Bréagach?**

2. **Céard nár chóir duit a chur isteach i soicéad leictreach IN AON CHÁS?**
   - **a.** Scriúire
   - **b.** Do mhéara
   - **c.** Aon rud nach plocóid é

3. **Cathain nár cheart duit lámh a leagan ar phlocóid?**
   - **a.** Nuair atá do lámha smeartha
   - **b.** Nuair atá do lámha fliuch
   - **c.** Má fhaigheann tú boladh dó

4. **Cé acu seo a leanas atá FÍOR?**
   - **a.** Ní dhéanfadh turraing leictreach aon dochar duit
   - **b.** Is féidir le turraing leictreach stop a chur le sileadh do shróine
   - **c.** Is féidir le turraing leictreach stop a chur le bualadh do chroí

5. **Cé acu seo a leanas atá contúirteach?**
   - **a.** Folctha a bhfuil an iomarca sobal folctha ann
   - **b.** Folctha agus raidió atá plugáilte isteach
   - **c.** Folctha agus fón póca

6. **Dá gcuirfeá éadaí ag triomú os cionn téitheoirí leictreacha, d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le tine.**
   **Fíor nó Bréagach?**

7. **Céard a d'fhéadfadh tarlú dá ndéanfá an iomarca fearas a phlugáil isteach sa soicéad céanna?**
   - **a.** D'fhéadfá an ciorcad a rólódáil, rud is cúis le tine
   - **b.** Seans go bhfaigheadh do thuismitheoirí bille leictreachais ollmhór
   - **c.** Dada - tá sé breá sábháilte

8. **Céard é an bealach is sábháilte chun fearas leictreach a dhíphlugáil?**
   - **a.** Tarraing an phlocóid
   - **b.** Tarraing an cábla
   - **c.** Tarraing an fearas